# 19 Deontais do Ghníomhaireachtaí Sláinte a Bhainistiú agus a Mhaoirsiú

**19.1** Tá sé ina phríomhfheidhm ag FSS seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta a bhainistiú agus a sholáthar. Is féidir leis féin é sin a dhéanamh nó socrú a dhéanamh le soláthraí seirbhíse chun an tseirbhís a chur ar fáil. Tá an creat dlí atá ar fáil do FSS maidir le cistiú a dhéanamh ar na soláthraithe seirbhíse sin leagtha amach in alt 38 agus alt 39 den Acht Sláinte 2004.

- Faoi Alt 38, féadfaidh FSS socrú a dhéanamh le comhlacht nó le duine chun seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta a sholáthar thar ceann FSS; is seirbhísigh phoiblí iad fostaithe comhlachta den sórt sin.
- Faoi Alt 39, féadfaidh FSS cúnamh a thabhairt d'aon duine nó d'aon chomhlacht a sholáthraíonn seirbhísí atá cosúil leo siúd a sholáthraíonn FSS nó atá coimhdeach dóibh; ní seirbhísigh phoiblí iad fostaithe comhlachtaí den sórt sin.

**19.2** Tá an córas atá ag FSS faoi láthair i dtaobh cistiú ar bhonn deontais tagtha chun cinn le himeacht ama ó shamhail sheanbhunaithe soláthair seirbhíse faoina mbíonn an Stát ag brath go mór ar an earnáil dheonach chun seirbhísí sláinte áirithe a sholáthar. Is trí idirbheartaíocht a chuirtear na socruithe sin i bhfeidhm i bhformhór na gcásanna seachas trí sholáthar iomaíoch. Is le gníomhaireachtaí deonacha a dhéantar formhór na socruithe, ach tá roinnt socruithe ag FSS freisin le heagraíochtaí tráchtála brabúis.[1]


**19.3** Baineann leibhéil éagsúla scála agus chastachta le gníomhaireachtaí sláinte arna gcistiú ag FSS ar an gcaoi sin, ó ospidéil mhóra ghéarmhíochaine go heagraíochtaí áitiúla pobail a sholáthraíonn seirbhísí cúraim shóisialta phearsanta. Thug an Roinn Sláinte €13.92 billiún do FSS ón Státchiste in 2016 — €13.51 billiún i leith caiteachas ioncaim agus €0.41 billiún i leith caiteachas caipitiúil.

**19.4** Cheadaigh FSS deontais dar luach thart ar €3.876 billiún do bheagnach 2,300 gníomhaireacht sláinte i rith 2016 chun raon seirbhísí a chur ar fáil. I ngach cás, déantar cistiú deontais a íoc amach roimh sholáthar na seirbhísí le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**19.5** Bíonn fáil ag cuid de na soláthraithe seirbhíse ar shruthanna cistiúcháin eile, amhail táillí othair, tiomsú airgid, ranna rialtais eile agus gníomhaireachtaí Stáit. Mar sin féin, bíonn a lán acu ag brath go mór ar an airgead ón Státchiste a fhaigheann siad trí FSS chun cistiú a dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad. Tugtar forbhreathnú i bhFíor 19.1 ar shreabhadh na gcistí chuig comhlachtaí a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39.

1 Áirítear leis líon beag soláthraithe 'lasmuigh den Stát'. I gcás nach bhfuil seirbhís speisialaithe ar fáil in Éirinn, ach go bhfuil fáil uirthi i ndlínse eile, féadfaidh FSS socrú a dhéanamh le gníomhaireacht 'lasmuigh den Stát' chun an tseirbhís a sholáthar.

**Fíor 19.1 Sreabhadh cistí chuig gníomhaireachtaí sláinte**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

a Tá grúpa ospidéal amháin ann ina gcuimsítear ospidéil reachtúla FSS amháin nach ndéanann cistiú ar chomhlachtaí a thagann faoi réim Alt 38.

b Ar chúiseanna stairiúla, tá ceithre ospidéal dheonacha ar comhlachtaí iad a thagann faoi réim Alt 38 agus atá faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste: Ospidéal San Séamas, Ospidéal Beaumont, Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar agus Ospidéal Fiaclóireachta Bhaile Átha Cliath. I gcás na soláthraithe seirbhíse eile go léir a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39, ceapann siad a n-iniúchóirí féin.

## Freagracht as socruithe maoirseachta

**19.6** De ghnáth, tagann na seirbhísí arna soláthar thar ceann FSS ag gníomhaireachtaí arna gcistiú le deontas faoi cheann de na catagóirí seo a leanas — seirbhísí ospidéil géarmhíochaine, míchumas, daoine aosta, meabhairshláinte, cuimsiú sóisialta, cúram maolaitheach, cúram príomhúil, seirbhísí sláinte agus folláine. Tá dhá chineál comhaontuithe conartha ag FSS leis na gníomhaireachtaí sin, agus is iondúil go ndéantar iad a shaincheapadh chun teacht le leibhéal an chistithe

- **socrú seirbhíse** — an cás ina bhfaigheann gníomhaireachtaí sláinte cistiú dar luach breis is €250,000, agus gníomhaireachtaí brabúis agus gníomhaireachtaí 'lasmuigh den Stát'
- **comhaontú um chúnamh deontais —** gníomhaireachtaí sláinte a fhaigheann cistiú dar luach níos lú ná €250,000.

**19.7** Déantar deontais do ghníomhaireachtaí sláinte a riar trí naoi gcinn de ECSPanna atá lonnaithe ar fud na tíre agus trí shé ghrúpa ospidéil. Bíonn siadsan freagrach as idirbheartaíocht a dhéanamh ar shocruithe seirbhíse agus ar chomhaontuithe um chúnamh deontais, as deontais a íoc leis na gníomhaireachtaí agus as monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha na gcomhaontuithe. Tá anailís ar an gcistiú deontas a soláthraíodh in 2016 de réir chineál na gconarthaí agus cineál an chistithe leagtha amach i bhFíor 19.2.

**Fíor 19.2 Socruithe seirbhíse agus comhaontuithe um chúnamh deontais, 2016**

| | Líon na nGníomhaireachtaí | Leithdháileadh deontais | | | Meándeontas ioncaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Ioncaim | Caipitil | Iomlán[a] | |
| **Leibhéal cistithe** | | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| *Socruithe seirbhíse* | | | | | |
| — deontas mór (€250,000+) | 343 | 3,716.62 | 93.84 | 3,810.46 | 10.84 |
| — eile[a] | 226 | 33.44 | — | 33.44 | 0.15 |
| *Comhaontuithe um chúnamh deontais* | | | | | |
| — < €250,000 | 1,710 | 32.07 | — | 32.07 | 0.02 |
| **Iomlán** | **2,279** | **3,782.13** | **93.84** | **3,875.97** | |

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Nóta: a Gníomhaireachtaí brabúis agus gníomhaireachtaí 'lasmuigh den Stát' atá faoi réir socraithe seirbhíse beag beann ar leibhéal an chistithe.

## Fócas an scrúdaithe

**19.8** Deimhníodh ráitis airgeadais FSS don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ar an 16 Bealtaine 2017. Sa tuarascáil iniúchóra, díríodh aird ar an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais inar nochtadh cásanna de mhonatóireacht agus maoirseacht neamhleor ag FSS ar dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha le linn 2016. Rinne FSS nochtadh den chineál céanna i mblianta roimhe sin.

**19.9** Baintear leas sa tuarascáil seo as torthaí an scrúdaithe ar shocruithe monatóireachta agus maoirseachta FSS a rinneadh mar chuid den iniúchadh ar ráitis airgeadais FSS. Déileáiltear inti go príomha le gníomhaireachtaí arna mbainistiú trí mheán socruithe seirbhíse óna dtagann an chuid is mó den chistiú arna sholáthar.

**19.10** Mar chuid d'iniúchadh na bliana 2016, rinneadh athbhreithniú freisin ar phróiseas FSS maidir le bainistíocht agus maoirseacht ar dheontais ioncaim do 49 gníomhaireacht sláinte a thagann faoi réim Alt 39 in dhá Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail. Cuimsíodh ansin:

- 25 gníomhaireacht sláinte arna mbainistiú faoi shocruithe seirbhíse dár soláthraíodh cistiú €52.84 milliún (€2.1 milliún an ceann ar an meán)
- 24 gníomhaireacht sláinte arna mbainistiú faoi chomhaontú um chúnamh deontais dár soláthraíodh cistiú €1.74 milliún (€72,500 an ceann ar an meán) in 2016.

**19.11** Mar chuid den iniúchadh ar ráitis airgeadais bhliantúla FSS, tugann an fhoireann iniúchóireachta cuairt freisin ar líon beag gníomhaireachtaí a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39. Maidir leis na blianta airgeadais 2013 go 2016, tugadh cuairt ar naoi ngníomhaireacht san iomlán. Cuirtear saincheist ar bith a aithnítear le linn na gcuairteanna sin in iúl do FSS.


**19.12** Bhí luach €94 milliún ag na deontais chaipitil a íocadh le gníomhaireachtaí sláinte in 2016. Ní dhéantar trácht sa scrúdú seo ar rialú FSS ar na deontais sin.

## An creat maoirseachta agus monatóireachta

**19.13** I bhFíor 19.3, leagtar amach na príomhchodanna de chóras éifeachtach rialaithe inmheánaigh ar íocaíochtaí athfhillteacha deontais. Bíonn cineál agus méid na rialuithe arna bhfeidhmiú ag brath ar na nithe seo a leanas:

- an cuspóir dár soláthraíodh an cistiú
- an bonn ar a soláthraíodh an cistiú
- an cineál deontaí
- scála an deontais atá i gceist.

**Fíor 19.3 Creat dearbhaithe maidir le híocaíochtaí deontais**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Socruithe seirbhíse

**19.14** Bíonn socruithe seirbhíse FSS roinnte ina dhá chuid.

- Cuid 1 — bíonn thart ar 37 clásal inti agus leagtar amach inti na dualgais chonartha atá ar an dá pháirtí sa socrú. Clúdaítear inti róil agus freagrachtaí an dá pháirtí agus ábhair cosúil le gearáin, réiteach díospóide agus foirceannadh an tsocraithe. Déantar idirbheartaíocht agus síniú ar an gcuid sin ar bhonn ilbhliantúil agus clúdaíonn sí tréimhsí suas le ceithre bliana.
- Cuid 2 — aontaítear agus sínítear í ar bhonn bliantúil. Cuimsítear deich sceideal inti agus sonraítear inti cáilíocht agus méid na seirbhíse atá le soláthar; socruithe monatóireachta feidhmíochta; ceanglais faisnéise; agus an leithdháileadh cistithe.

**19.15** Cé go bhfuil socrú amháin faoi chuid 1 ag gach soláthraí seirbhíse le FSS, braitheann líon na socruithe faoi chuid 2 ar cibé an bhfuil an ghníomhaireacht ag feidhmiú in áiteanna éagsúla nó nach bhfuil agus/nó an fhaigheann sí catagóirí éagsúla cistithe ó FSS nó nach bhfaigheann. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh roinnt socruithe faoi chuid 2 a bheith ag gníomhaireacht amháin le roinnt ECSPanna. Taispeántar sampla de sin i bhFíor 19.4 i ndáil le Cumas Éireann, gníomhaireacht a thagann faoi réim Alt 39 agus a fuair leithdháileadh iomlán deontais ioncaim in 2016 de €36.9 milliún. Rinneadh an deontas sin a riar ar fud ocht gcinn de na naoi ECSP agus bainistíodh é faoi 17 socrú faoi chuid 2.

**19.16** Ós rud é gur féidir cistiú a sholáthar trí roinnt ECSPanna, d'fhéadfadh gníomhaireacht amháin atá ag feidhmiú in áiteanna éagsúla a bheith faoi réir monatóireachta ag suas le naoi gcinn de ECSPanna. Thug FSS ar aird gurb é an córas ab fhearr leis ná príomheagraíocht a ainmniú as measc na ECSPanna — an eagraíocht a raibh an cistiú den luach ba mhó á sholáthar aici, agus is ar an eagraíocht sin a bheadh an phríomhfhreagracht as comhordú a dhéanamh ar na socruithe monatóireachta. Aithníonn FSS go gcaithfear obair áirithe a dhéanamh chun an méid sin a bhaint amach. Thug sé ar aird chomh maith nach ach le déanaí a ceapadh na foirne bainistíochta sna ECSPanna agus go mbeidh ról lárnach acu maidir leis an gcur chuige sin a chur chun feidhme.

**19.17** Dúirt FSS gurb amhlaidh, i gcomhréir le hathchóiriú na seirbhíse sláinte, go bhfuil gach ECSP freagrach as soláthar na seirbhísí cúraim shóisialta go léir laistigh dá theorainn fhorordaithe, agus cuntasach ina leith sin dá réir. Is 'sainsolathraí' seirbhíse é Cumas Éireann a sholáthraíonn raon seirbhísí ó thacaíocht chónaitheach go hidirghabhálacha teiripeacha, suíocháin sainoiriúnaithe/ teicneolaíocht chúnta agus áiseanna cumarsáide breisithí. Bíonn riachtanais i dtaobh seirbhísí nó tacaíochta faoi réir athrú ar bhonn gá agus i ndáil le freagairtí éigeandála, agus dá bhrí sin bíonn sruthanna cistithe éagsúla ann a bhaineann leis na rannáin chuí de FSS.

**19.18** Dúirt FSS freisin go bhfuil sé ag obair i dtreo cuíchóiriú a dhéanamh ar líon na socruithe faoi chuid 2. Is é an aidhm atá ann ná socrú amháin faoi chuid 2 a bheith ann ar deireadh i leith gach ECSP i ngach ceann de na catagóirí/riachtanais rannán.

**19.19** I gcás na 25 gníomhaireacht a ndearnadh scrúdú orthu, rinneadh athbhreithniú san iniúchadh ar 29 socrú seirbhíse faoi chuid 2 sa dá ECSP ar tugadh cuairt orthu. Is i gcomhthéacs na 29 socrú sin a thugtar na torthaí iniúchóireachta atá curtha i láthair ina dhiaidh seo.

**Fíor 19.4 Socruithe seirbhíse le Cumas Éireann faoi chuid 2, 2016**

| Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail | Limistéar | Catagóir sheirbhíse | Leithdháileadh deontais € |
|---|---|---|---|
| ECSP 1 | An Cabhán/Muineachán | Míchumas | 1,372,238 |
| ECSP 2 | Gaillimh | Míchumas | 1,882,081 |
| | Gaillimh | Míchumas | 4,000 |
| | Maigh Eo | Míchumas | 888,123 |
| ECSP 3 | An Clár | Míchumas | 2,139,907 |
| | An Clár | Cúram príomhúil | 167,051 |
| | Luimneach | Míchumas | 2,760,676 |
| | Tiobraid Árann Thuaidh/Luimneach Thoir | Míchumas | 1,577,543 |
| | Tiobraid Árann Thuaidh/Luimneach Thoir | Míchumas | 2,035,318 |
| | Tiobraid Árann Thuaidh/Luimneach Thoir | Cúram príomhúil | 417,270 |
| ECSP 4 | Corcaigh/Ciarraí | Míchumas | 5,943,297 |
| ECSP 5 | Ceatharlach/Cill Chainnigh | Míchumas | 1,046,168 |
| ECSP 6 | Cill Mhantáin | Míchumas | 12,557,988 |
| ECSP 7 | Baile Átha Cliath Thiar Theas | Míchumas | 201,489 |
| | Baile Átha Cliath Thiar Theas | Míchumas | 874,555 |
| | Cill Dara/Iarthar Chill Mhantáin | Míchumas | 83,734 |
| ECSP 8 | An Mhí | Míchumas | 3,007,618 |
| ECSP 9 | | | — |
| **Iomlán** | | | **36,959,056**[a] |

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Nóta: a An figiúr maidir leis an leithdháileadh deontais €36.96 milliún do Chumas Éireann, is ó chóras FSS maidir le deontais do sholáthraithe seirbhíse a fuarthas é. Léirítear i ráitis airgeadais bhliantúla FSS don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 gur tugadh cistiú iomlán €38.75 milliún do Chumas Éireann. Tharla an difríocht sin de bharr uainiúcháin agus de bharr nach ndearnadh gnéithe áirithe den chistiú a thaifeadadh ar chóras na ndeontas do sholáthraithe seirbhíse.

### *Measúnú ar dheontaithe*

**19.20** Is tábhachtach an rud é measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na ndeontaithe féideartha d'fhonn aon laigí agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist a aithint sula ndéanfar cistiú a leithdháileadh. Ba cheart go n-áireofaí in aon mheasúnú dearbhú go bhfuil socruithe leordhóthanacha coimirce agus cuntasachta ag an ngníomhaireacht maidir leis an gcistiú deontais atá á sholáthar, lena n-áirítear measúnú ar na nithe seo a leanas.

- Ábharthacht na struchtúr chun an tseirbhís atá de dhíth a sholáthar — san áireamh ansin bheadh athbhreithniú ar stádas dlíthiúil na gníomhaireachta agus, nuair is cuí, cibé an bhfuil an ghníomhaireacht cláraithe leis an Údarás Rialála Carthanas agus leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte nó nach bhfuil[1,2] Ba cheart go n-áireofaí ann athbhreithniú ar an struchtúr eagrúcháin lena n-áirítear comhdhéanamh fheidhmeannas an tsoláthraí seirbhíse.
- Leordhóthanacht na socruithe rialachais — breithniú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil cód rialachais ag an ngníomhaireacht ina leagtar amach na prionsabail, na beartais, na nósanna imeachta agus na treoirlínte faoin dtreoraíonn agus a rialaíonn an ghníomhaireacht a cuid feidhmeanna agus faoina mbainistíonn sí a gnó.
- Éifeachtúlacht na bpróiseas pleanála straitéisí atá ag na soláthraithe seirbhíse, lena n-áireofaí measúnacht ar ráiteas straitéise agus pleananna gnó an deontaí.

**19.21** I gcás na 29 socrú, féachadh sa scrúdú ar cén athbhreithniú a bhí déanta ag FSS ar na socruithe rialachais sna gníomhaireachtaí sin (féach Fíor 19.5).

**Fíor 19.5 Fianaise ar shocruithe rialachais i sampla de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu**

| Doiciméid rialachais | Fianaise ar chomhlíonadh[a] Tá | Níl |
|---|---|---|
| Meabhrán agus airteagail chomhlachais nó doiciméid bhunreachtúla eile | 79% | 21% |
| Cairt struchtúir/eagraíochta | 100% | — |
| Cód rialachais/beartas rialachais chorparáidigh agus rialachais chliniciúil | 55% | 45% |
| Plean gnó | 41% | 59% |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Measadh go raibh cásanna comhlíontach má bhí na doiciméid rialachais ábhartha i gcomhaid FSS.

1 Bunaíodh an tÚdarás Rialála Carthanas i mí Dheireadh Fómhair 2014 faoin Acht Carthanas 2009 chun clár poiblí eagraíochtaí carthanacha atá ag feidhmiú in Éirinn a bhunú agus a chothabháil agus lena chinntiú go bhfuil na hAchtanna Carthanas á gcomhlíonadh acu.

2 Bunaíodh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) i mí na Bealtaine 2007 faoin Acht Sláinte 2007, chun cúram ardchaighdeáin, sábháilte daoine a chur chun cinn trí mheán seirbhísí sláinte agus seirbhísí cúraim shóisialta in Éirinn. Clúdaíonn an sainchúram atá ar HIQA raon seirbhísí poiblí, príobháideacha agus deonacha.

**19.22** San iniúchadh freisin, aithníodh roinnt saincheisteanna i dtaobh socruithe rialachais agus córais rialaithe inmheánaigh sna naoi ngníomhaireacht sláinte a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39 agus ar tugadh cuairt orthu mar chuid den iniúchadh ar ráitis airgeadais FSS do na blianta airgeadais 2013 go 2016. Tá achoimre ar na saincheisteanna sin leagtha amach i bhFíor 19.6.

**Fíor 19.6 Achoimre ar shaincheisteanna, 2013 go 2016**

| Réimse | Saincheisteanna | Líon na ngníomhaireachtaí |
|---|---|---|
| **Soláthar** | ▪ Teagmhais den soláthar neamh-chomhlíontach | 7 |
| **Cuibheas** | ▪ Gan beartas fáilteachais ar bith | 6 |
| | ▪ Gan beartas ar bith i leith cártaí creidmheasa | 2 |
| **Rialachas** | ▪ Gan iniúchadh inmheánach ar bith | 2 |
| **Córas rialaithe inmheánaigh** | ▪ Gan ráiteas ar bith maidir le rialú inmheánach airgeadais | 2 |
| | ▪ Rótharraingt shuntasach ag deireadh na bliana | 2 |
| | ▪ Gan aon chlár sócmhainní seasta | 2 |
| **Luach saothair** | ▪ Níl luach saothair an Phríomhoifigigh nochta sna ráitis airgeadais | 2 |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Cistiú a leithdháileadh

**19.23** Soláthraíonn FSS cistiú do ghníomhaireachtaí sláinte sula dtabhaítear an caiteachas, ar an mbonn go mbaineann méid suntasach den chistiú le costais phá agus foirne, ar réimsí iad ina bhfuil gá le réamhchistiú chun oibleagáidí conartha a chomhlíonadh. Fágann sé sin go mbíonn an riosca ann nach mbainfear leas iomlán as deontas sa chás nach bhfuil gníomhaireacht sláinte ag feidhmiú ar a lánacmhainneacht sa bhliain.

### *Seirbhísí ospidéil géarmhíochaine*

**19.24** Cuireadh leithdháileadh deontais ioncaim thart ar €1.99 billiún i leith na bliana 2016 ar fáil do shé ospidéal déag san earnáil géarmhíochaine. San am atá caite, is trí mheán blocdheontais a rinne FSS cistiú ar ospidéil san earnáil géarmhíochaine. Faoin modh sin, leithdháileadh cistiú d'ospidéil ar bhonn an bhuiséid a bhí acu i leith na mblianta roimhe sin agus rinneadh roinnt coigeartuithe maidir le tosca amhail boilsciú, na leibhéil seirbhíse ionchais, athchumrú agus an buiséad a bhí ar fáil don earnáil géarmhíochaine.

**19.25** I mí Eanáir 2016, thug FSS isteach cistiú ar bhonn gníomhaíochta in earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine. Faoin gcistiú ar bhonn gníomhaíochta, cuirtear leithdháiltí deontais ar fáil d'ospidéil bunaithe ar phraghsanna comhaontaithe náisiúnta agus ar líon agus meascán na n-othar a gcuireann siad cóireáil orthu, agus leas á bhaint as grúpaí diagnóise chun cásanna na n-othar cónaitheach agus na n-othar lae a aicmiú.[1]

**19.26** Tá cistiú ar bhonn gníomhaíochta á thabhairt isteach chuig an earnáil géarmhíochaine de réir a chéile. Faoi láthair, cuimsítear leis gníomhaíocht othar cónaitheach agus othar lae agus measann FSS go gclúdaítear leis sin thart ar 70% den chistiú iomlán don earnáil géarmhíochaine. Tá an 30% eile fós á chistiú trí bhlocdheontas.

1 Is éard atá i gceist le grúpa diagnóise ná córas staidrimh chun gníomhaíocht ospidéil a aicmiú ina catagóirí chun críocha íocaíochta. I gcóras aicmithe i dtaobh grúpa diagnóise, roinntear na diagnóisí féideartha i níos mó ná 20 mórchóras coirp agus ansin déantar iad a fho-roinnt i mbeagnach 500 grúpa.

**19.27** Tá coigeartuithe idirthréimhse á ndéanamh chun tacú leis an athrú ar an modh cistithe ionas go mbeidh an t-am ag na hospidéil dul i ngleic le haon saincheisteanna costais nó éifeachtúlachta sula mbeidh siad faoi réir thionchar iomlán an chistithe ar bhonn gníomhaíochta. Faoi na coigeartuithe idirthréimhse, faigheann ospidéal aonair cion den difríocht idir a bhuiséad féin, á ríomh trí chistiú ar bhonn gníomhaíochta, agus an blocdheontas a bhíodh i réim roimhe seo. Táthar ag súil go bhfaighfear réidh leis na coigeartuithe idirthréimhse de réir a chéile thar roinnt blianta. Áirítear leis na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo de bharr cistiú ar bhonn gníomhaíochta:

- leagan síos spriocanna maidir le gníomhaíocht
- ailíniú níos fearr ar chistiú ospidéil le líon na n-othar a gcuirtear cóireáil orthu agus le castacht na cóireála a sholáthraítear
- monatóireacht níos fearr ar fheidhmíocht na n-ospidéal.

### *Seirbhísí deonacha agus seirbhísí pobail*

**19.28** Na deontais ioncaim dar luach thart ar €1.79 billiún a soláthraíodh do na gníomhaireachtaí deonacha agus na gníomhaireachtaí pobail in 2016, bhí siad bunaithe ar bhuiséid arna dtiomsú ag an soláthraí seirbhíse inar leag siad amach na haschuir a d'fhéadfaidís a sholáthar agus na socruithe foirne agus na costais foirne a bhí ag gabháil leo. Faoi láthair tá FSS ag déanamh scrúdú ar chineálacha cur chuige éagsúla maidir le haicmiú a dhéanamh ar sheirbhísí pobail agus costas a lua leo d'fhonn cistiú ar bhonn gníomhaíochta a leathnú chuig an earnáil sin.

**19.29** Dúirt FSS go bhfuil clár straitéiseach á bhunú aige maidir le costas a lua le seirbhísí pobail d'fhonn costais aonaid na seirbhísí a chinneadh ionas gur fearr is féidir le soláthraithe a thuiscint cén áit a bhféadfadh sé nach bhfuil a gcuid costas féin ag teacht le costais soláthraithe eile le haghaidh tairiscintí seirbhíse den chineál céanna, agus chun cuidiú lena chinneadh cén chaoi is táirgiúla is féidir na hacmhainní a úsáid. Thug FSS ar aird go bhfágann leagan amach na seirbhísí cúraim shóisialta in Éirinn gur deacair comparáid a dhéanamh idir aschuir na soláthraithe seirbhíse ar bhonn costais, toisc nach mór athróga éagsúla a chur sa mheá i gcás réigiúin éagsúla, soláthraithe seirbhíse éagsúla agus úsáideoirí éagsúla na seirbhísí aonair. Sin mar atá amhlaidh i dtíortha eile freisin.

### *Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas*

**19.30** Tá sonraíocht náisiúnta seirbhíse caighdeánaí laistigh de na socruithe faoi cuid 2 ullmhaithe ag earnáil an mhíchumais, ag a dtéann thart ar €1.2 billiún (67%) den chistiú do ghníomhaireachtaí deonacha agus gníomhaireachtaí pobail. Áirítear sa tsonraíocht faisnéis maidir le líon iomlán na n-úsáideoirí seirbhíse de réir cineál seirbhíse, mar shampla, seirbhísí cónaithe, cúram lae, seirbhísí faoisimh srl. atá nasctha le príomhtháscairí feidhmíochta náisiúnta chomh maith leis na costais a ghabhann leo. Fágann sé sin gur féidir costas a ríomh in aghaidh an aonaid seirbhíse, le haghaidh áit chónaithe nó áit lae, mar shampla.

**19.31** In 2014, bhunaigh FSS foireann feabhsúcháin seirbhíse a raibh sé de chuspóir aici feabhas a chur ar shocruithe cuntasachta le soláthraithe seirbhíse in earnáil an mhíchumais. Mar chuid den chéad chéim d'obair na foirne, ullmhaíodh anailís bhunlíne trínar nascadh an cistiú a sholáthraítear le gníomhaíocht, costas, cáilíocht agus torthaí maidir leis na cúig sholáthraí seirbhíse is mó, dream a íoctar €557 milliún nó 46% den bhuiséad míchumais leo. De thoradh na hoibre sin, d'aithin an fhoireann feabhsúcháin seirbhíse 12 tháscaire feidhmíochta (féach Fíor 19.7).

**19.32** Tá an tsamhail a forbraíodh do na cúig ghníomhaireacht a fhaigheann an cistiú is mó á leathnú anois chuig an 50 soláthraí seirbhíse a fhaigheann an cistiú is mó, dream chuig a dtéann níos mó ná 80% den bhuiséad míchumais. Tá FSS ag súil go n-éascóidh an anailís sin don tagarmharcáil ar sholáthraithe seirbhíse trí mheán táscairí feidhmíochta sonraithe lena n-áirítear, i measc eile, costas aonaid na seirbhíse arna soláthar.

**Fíor 19.7 Anailís bhunlíne ar na cúig ghníomhaireacht seirbhísí míchumais a fhaigheann an cistiú is mó — táscairí feidhmíochta**

| | |
|---|---|
| **Costas: Airgeadas** | • Costas cónaithe aonair/costas lae in aghaidh an duine aonair<br>• An t-easnamh oibriúcháin a tuairiscíodh mar % den chistiú ó FSS<br>• Costas na mball foirne gníomhaireachta (€m) mar % den chaiteachas pá |
| **Gníomhaíocht** | • % Áiteanna cónaithe i measc an phobail<br>• % na ndaoine ós cionn 40 a fhaigheann tacaíocht<br>• % na ndaoine i seirbhísí cónaithe a dtacaítear lena gcuid ardriachtanas tacaíochta<br>• Cistiú ó FSS mar % den chistiú iomlán |
| **Costas: Lucht saothair** | • % Asláithreacht<br>• Cóimheas na mball foirne le húsáideoirí seirbhísí/cóimheas na n-altraí le húsáideoirí seirbhíse<br>• Lucht bainistíochta agus riaracháin — an coibhéis lánaimseartha mar % den choibhéis lánaimseartha iomlán |
| **Cáilíocht** | • Comhlíonadh HIQA<br>• % na ndaoine a bogadh as láthair chomhchónaithe |

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Comhaontú i scríbhinn

**19.33** Ba cheart go ndéanfaí sainiú soiléir i gcomhaontú i scríbhinn ar théarmaí an chaidrimh idir FSS agus an ghníomhaireacht. I gcuid 2 den socrú seirbhíse, a shínítear go bliantúil, sonraítear cáilíocht agus méid na seirbhíse a bheidh le soláthar, na socruithe monatóireachta feidhmíochta a bheidh i bhfeidhm, an fhaisnéis atá le soláthar ag an ngníomhaireacht do FSS agus an leithdháileadh cistithe.

### *Sonrú na n-aschur*

**19.34** I gcás na 29 socrú a ndearnadh athbhreithniú orthu, fuarthas amach sa scrúdú go raibh sonrú leordhóthanach déanta ar na haschuir. I ngach cás, tugadh cur síos ar an gcineál seirbhíse a bhí le soláthar, cineál na n-aschur agus an líon daoine a sholáthrófaí an tseirbhís dóibh. I measc samplaí de sin tá líon na n-úsáideoirí seirbhíse ar soláthraíodh tacaíochtaí, seirbhísí lae agus seirbhísí cónaithe dóibh.

### *Socruithe maidir le monatóireacht ar fheidhmíocht*

**19.35** Is suas ag gach ECSP atá sé minicíocht an tuairiscithe feidhmíochta a chinneadh. Cé go bhfuil treoir lárnach ann ina leagtar amach leibhéil agus minicíocht tuairiscithe chuí i gcás gníomhaireachtaí sláinte agus aird á tabhairt ar mhéid na gníomhaireachta, ar leibhéal an chistithe deontais atá á sholáthar agus ar chineál na seirbhíse atá á chistiú, tugadh ar aird sna iniúchadh go raibh éagsúlacht ann i ndáil le feidhmiú na treorach sin. Mar shampla,

- sa socrú seirbhíse le gníomhaireacht amháin ar leithdháileadh deontas €31.6 milliún di, sonraíodh go soláthródh an ghníomhaireacht faisnéis ráithiúil ar ghníomhaíocht seirbhíse
- sa socrú seirbhíse le gníomhaireacht eile ar leithdháileadh deontas €1.17 milliún di, sonraíodh go soláthródh an ghníomhaireacht faisnéis mhíosúil ar ghníomhaíocht seirbhíse.

**19.36** Bhí an méid seo a leanas i gceist leis an monatóireacht ar fheidhmíocht den chuid is mó:

- athbhreithniú ar na príomhtháscairí feidhmíochta
- cruinnithe monatóireachta agus/nó cuairteanna ar an láthair de réir mar ba chuí
- athbhreithniú ar ráitis bhliantúla airgeadais na ngníomhaireachtaí
- ráiteas bliantúil comhlíontacha.

### *Tráthúlacht*

**19.37** Sna torthaí ó iniúchtaí roimhe seo, aithníodh go raibh moill ar eagraíochtaí maidir le socruithe seirbhíse a chomhaontú agus a shíniú. Go luath in 2016, chinn an FSS nach bhfaigheadh aon ghníomhaireacht nach raibh ag cloí leis an gceanglas i dtaobh socrú seirbhíse a shíniú ach 80% den ghnáthráta cistithe go dtí go síneofaí an socrú seirbhíse.

**19.38** Bhí sé d'aidhm ag FSS a chinntiú go mbeadh gach socrú seirbhíse i leith na bliana 2016 comhaontaithe faoi dheireadh mhí Feabhra 2016. Is éard a tharla ná go raibh socruithe lenar clúdaíodh 90% den chistiú curtha i gcrích faoi dheireadh mhí Aibreáin 2016. Bhí socruithe lenar clúdaíodh 95% den chistiú curtha i gcrích faoi dheireadh 2016.

## Monatóireacht agus tuairisciú

**19.39** Baineann tábhacht leis an monatóireacht ar thorthaí ionchais lena chinntiú go bhfuil úsáid éifeachtach, éifeachtúil á baint as cistí agus nach bhfuil aon chaiteachas míchuí ná aon chaiteachas neamhrialta i gceist. Bhí leibhéal na monatóireachta feidhmíochta i go leor cásanna ag brath ar leibhéal an chistithe agus ar an gcineál seirbhíse a bhí á chistiú.

### *Príomhtháscairí feidhmíochta*

**19.40** D'fhonn a chinneadh cibé ar bhain deontaí úsáid éifeachtach, éifeachtúil ag an gcistiú a soláthraíodh, is tábhachtach an rud é go leagfadh FSS síos príomhtháscairí feidhmíochta cuí do ghníomhaireachtaí cistithe. Fuarthas sa scrúdú gurbh amhlaidh, i gcás breis is leath na ngníomhaireachtaí a ndearnadh athbhreithniú orthu, go raibh tuairisceáin ar taifead i dtaobh na bpríomhtháscairí feidhmíochta agus go raibh beagnach trí cheathrú díobh sin de réir na minicíochta a bhí sonraithe sa socrú seirbhíse.

### *Riachtanais eile i dtaobh faisnéise*

**19.41** I gcás na 29 socrú a ndearnadh athbhreithniú orthu, tugadh ar aird san iniúchadh go raibh éagsúlacht i gceist sna ECSPanna ar tugadh cuairt orthu maidir le leibhéal agus cineál na faisnéise eile a bhí á lorg sna socruithe faoi chuid 2. Bhí cuid mhór den fhaisnéis eile a lorgaíodh nach raibh á cur isteach ag na gníomhaireachtaí sláinte agus ní raibh an ECSP ag glacadh beart leantach maidir leis an mainneachtain í a chur isteach. Mar sin féin, níl sé soiléir cén fhaisnéis atá á lorg ag FSS i ndáiríre maidir leis na ceanglais sin. I measc na samplaí tá "athbhreithniú ar thosaíochtaí an phlean seirbhíse", "staitisticí sláinte (mar is cuí) chuig FSS" agus "tuairisceáin monatóireachta ráithiúla ar na tionscnaimh athbhreithnithe i ndáil le luach ar airgead lena n-áirítear chun patrúin imlonnaithe foirne a chuíchóiriú de réir riachtanais na gcliant".

### *Cruinnithe monatóireachta*

**19.42** Bíonn líon na gcruinnithe monatóireachta idir FSS agus oifigigh ghníomhaireacht a theastaíonn i rith bliana ar brath ar leibhéal an chistithe deontais. (I gcás ina bhfaigheann gníomhaireacht sláinte níos lú ná €50,000 i mbliain áirithe, ní éilíonn FSS go dtionólfar cruinnithe monatóireachta.) Ní mór miontuairiscí na gcruinnithe a choinneáil agus ní mór an cruinniú a reáchtáil ar bhonn clár oibre foirmiúil ina gcuimsítear athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas a bhaineann leis an ngníomhaireacht sláinte:

- príomhtháscairí feidhmíochta
- an fheidhmíocht fhoriomlán lena n-áirítear torthaí sonraithe
- comhlíonadh rialacha agus rialachán
- socruithe rialachais
- ráitis airgeadais iniúchta bhliantúla.

**19.43** I gcás sé cinn de na 29 socrú a ndearnadh scrúdú orthu, ba lú an leithdháileadh deontais ná €50,000, agus dá bhrí sin níor ghá aon chruinnithe monatóireachta a thionól. Mar a léirítear i bhFíor 19.8, bhí fianaise ar taifead maidir le 78% de na cásanna gur tionóladh na cruinnithe monatóireachta a bhí ceangailte de réir na minicíochta a bhí leagtha síos.

**Fíor 19.8 Fianaise ar chruinnithe monatóireachta**

| Leithdháileadh deontais | Líon na ngníomhaireachtaí sa sampla | Líon forordaithe cruinnithe an ceann | Fianaise ar chomhlíonadh[a] Tá | Fianaise ar chomhlíonadh[a] Níl |
|---|---|---|---|---|
| €50,000 — €500,000 | 9 | 1 | 78% | 22% |
| €500,000 — €5,000,000 | 13 | 2 | 77% | 23%[a] |
| > €5,000,000 | 1 | 6 | 100% | — |
| **Gach leibhéal** | **23** | | **78%** | **22%** |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Measadh go raibh cásanna comhlíontach más rud é go raibh miontuairiscí na gcruinnithe ar taifead don líon cruinnithe a bhí leagtha síos.

b Áirítear anseo dhá chás inar tionóladh cruinniú monatóireachta amháin in ionad an dá chruinniú a bhí leagtha síos.

### *Ráitis airgeadais bhliantúla iniúchta*

**19.44** Lorgaíonn FSS dearbhú ó na ráitis airgeadais iniúchta go gcaitear an cistiú chun na gcríoch atá beartaithe agus gur féidir an caiteachas gaolmhar a dhearbhú le sonraisc, admhálacha agus/nó doiciméid tacaíochta bhunaidh ábhartha eile, de réir mar is cuí. Éilítear ar gach gníomhaireacht a fhaigheann cistiú deontais agus a bhainistítear faoi shocrú seirbhíse ráitis airgeadais bhliantúla iniúchta a chur faoi bhráid FSS. Fuarthas an méid seo a leanas san iniúchadh, i gcás na 29 socrú a ndearnadh scrúdú orthu:

- Bhí fianaise ar taifead sna ECSPanna ar tugadh cuairt orthu go bhfuair FSS na ráitis airgeadais iniúchta agus go ndearna sé athbhreithniú orthu i gcás 13 shocrú seirbhíse.
- Bhí ráitis airgeadais iniúchta faighte agus athbhreithnithe ag ceann difriúil de na ECSPanna cistiúcháin i gcás 11 socrú seirbhíse, ach ní bhfuarthas aon fhianaise san iniúchadh go raibh dearbhú i scríbhinn ina leith sin faighte ag an ECSP cistiúcháin ar tugadh cuairt air.
- I gcás cúig shocrú, ní raibh ráitis airgeadais iniúchta faighte ná athbhreithnithe ag FSS.

**19.45** Thug FSS ar aird go bhfuil córas á fhorbairt faoi láthair ag an Aonad Comhlíontachta d'fhonn áis lárnach a sholáthar do ECSPanna chun faisnéis a thaifeadadh maidir le ráitis airgeadais iniúchta bhliantúla na soláthraithe seirbhíse a bheith faighte agus athbhreithniú a bheith déanta orthu.

**19.46** Sa dá ECSP ar tugadh cuairt orthu, fuarthas san iniúchadh go n-áirítear le hathbhreithniú ar ráitis airgeadais gníomhaireachta:

- an t-ioncam de réir ráitis airgeadais an tsoláthraí seirbhíse a réiteach le taifid FSS
- breithniú a dhéanamh ar chineál na tuairime iniúchóireachta
- athbhreithniú a dhéanamh ar leachtacht agus ar fheidhmíocht an tsoláthraí seirbhíse sa tréimhse.

**19.47** Thug ar aird san iniúchadh, i gcás ECSP amháin, go ndearnadh breithniú san athbhreithniú freisin ar a mhéid a d'úsáid an ghníomhaireacht iomlán an deontais a leithdháileadh di sa tréimhse.

### *Ráiteas bliantúil comhlíontacha*

**19.48** Ó 2014 ar aghaidh, ceanglaítear ar ghníomhaireachtaí sláinte a thagann faoi réim Alt 38 ráiteas comhlíontachta a chur ar fáil ina ndeimhnítear go bhfuil an ghníomhaireacht ag cloí le caighdeáin shonraithe lena n-áirítear cód rialachais FSS, nósanna imeachta dea-chleachtais maidir le bainistíocht riosca, bearta pá na hearnála poiblí, rialacha cánachais agus rialacha soláthair. Ní mór don Bhord Stiúrthóirí nó do chomhlacht rialaithe an tsoláthraí seirbhíse an ráiteas a cheadú agus ní mór é a bheith sínithe ag an gcathaoirleach agus ag comhalta amháin eile thar ceann an Bhoird Stiúrthóirí nó an chomhlachta rialaithe. Leathnaíodh an ceanglas i dtaobh ráiteas comhlíontachta bliantúil a chur isteach go dtí gníomhaireachtaí a thagann faoi réim Alt 39 agus a fuair cistiú deontais os cionn €3 mhilliún i leith na bliana 2016.

**19.49** Le haghaidh 2016, bhí 37 ráiteas comhlíontachta le cur isteach faoin 31 Bealtaine 2017 ag gníomhaireachtaí sláinte a thagann faoi réim Alt 38.[1] Bhí 35 ráiteas faighte ag FSS faoi lár Mheán Fómhair 2017 agus bhí an dá cheann eile á n-ullmhú. Bhí ráitis chomhlíontachta dlite freisin i gcás 51 gníomhaireacht a thagann faoi réim Alt 39, agus bhí 46 ráiteas díobh sin faighte faoi lár Mheán Fómhair 2017 agus bhí cúig cinn á n-ullmhú.

1 Tá soláthraí seirbhíse amháin, Scoil agus Ospidéal Ollscoil Chorcaí, nach bhfuil ceangal uirthi tuairisceán a chur isteach toisc go bhfuil sí ina chuid de Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus go bhfuil sí faoi rialú faoi Acht na nOllscoileanna 1997. Tá dhá sholáthraí seirbhíse ann a chuireann isteach comhráiteas amháin le chéile — Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus Ospidéal Naomh Michíl.

**19.50** Agus an tuarascáil seo á críochnú, ní raibh anailís FSS ar ráitis chomhlíontachta 2016 curtha i gcrích aige go fóill. Bhí anailís déanta ag FSS ar na ráiteas a cuireadh ar ais le haghaidh 2014 agus 2015 agus tá achoimre uirthi tugtha i bhFíor 19.9. I measc na réimsí imní ar díríodh aird orthu sna ráitis chomhlíontachta a chuir na gníomhaireachtaí isteach bhí: comhlíonadh rialacha agus rialachán soláthair, agus comhlíonadh bheartais phá na hearnála poiblí.

**19.51** Dúirt FSS gurb amhlaidh, tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar na ráitis chomhlíontachta bhliantúla a fhaightear, go gcuireann FSS litir fhoirmiúil chuig Cathaoirleach gach soláthraí ag tabhairt ar aird aon réimsí neamh-chomhlíontachta a léiríodh sa ráiteas uathu, nó nithe athfhillteacha ó ráitis roimhe sin, agus ag iarraidh ar an soláthraí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus freagra a thabhairt dá réir sin. Tugtar gach ábhar agus comhfhreagras ábhartha ar aird do na Stiúrthóirí Náisiúnta, do Phríomhfheidhmeannaigh na nGrúpaí Ospidéil agus do na Príomhoifigigh. Dúirt FSS freisin go bhfuil roinnt beart glactha aige chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhlíontachta a aithníodh.

**Fíor 19.9 Achoimre ar ráitis chomhlíontachta bhliantúla, 2014 go 2015**

| | Líon na ngníomhaireachtaí a chomhlíon na ceanglais[a] | |
|---|---|---|
| | **2014** | **2015** |
| **Líon na dtuairisceán a fuarthas** | 37 | 36 |
| **Dearbhuithe/dearbhú a tugadh** | **2014** | **2015** |
| Deimhniú imréitigh cánach reatha ag an eagraíocht | 37 | 36 |
| Córas foirmiúil bainistíochta riosca i bhfeidhm | 34 | 32 |
| Sócmhainn chaipitil atá cistithe/páirtchistithe ag FSS — tá leas an Stáit á chosaint ag an soláthraí trí dhul i mbun comhaontú deontais | 32 | 31 |
| Cód inmheánach rialachais glactha | 28 | 31 |
| Ullmhaíodh ráitis airgeadais bhliantúla agus rinneadh iniúchadh orthu[b] | 31 | 32 |
| É deimhnithe go bhfuil beartas pá na hearnála poiblí á chomhlíonadh | 31 | 18 |
| Socruithe rialachais cuí i bhfeidhm | 18 | 18 |
| É deimhnithe go bhfuil rialacha agus rialacháin soláthair á gcomhlíonadh | 24 | 14 |

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Nótaí:

a Cuireadh isteach gach ráiteas comhlíontachta bliantúil a bhí de dhíth i leith na bliana 2014. In 2015, bhí comhlacht amháin ann nár chuir isteach ráiteas comhlíontachta ar bhun comhaontú le FSS.

b Éilíonn FSS iniúchadh a bheith déanta ar ráitis airgeadais bhliantúla an tsoláthraí seirbhíse don tréimhse atá cumhdaithe leis an ráiteas comhlíontacha bliantúil agus go soláthrófar cóip de na ráitis airgeadais bhliantúla mar aon le deimhniú an iniúchóra sheachtraigh leis an ráiteas comhlíontachta.

c Saincheisteanna neamh-chomhlíontachta a bhaineann le ballraíocht an bhoird, fostaithe ar bhoird, fochoistí boird, nósanna imeachta doiciméadaithe agus athbhreithnithe boird.

**19.52** Maidir leis na saincheisteanna soláthair a aithníodh, thug FSS ar aird an méid seo a leanas:

- Chuir sé ar fáil do gach gníomhaireacht a thagann faoi réim Alt 38 treoirlínte soláthair, liosta de na conarthaí agus na creataí lárnacha atá i bhfeidhm faoi láthair, agus clár oiliúna atá dírithe go sonrach ar fhoireann soláthair sna heagraíochtaí sin.
- Le héifeacht ó Mheitheamh 2017, i gcás gach soláthraí a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39 agus a fhaigheann cistiú de bhreis ar €150,000, tugadh rochtain dó ar áis ar líne ina bhfuil faisnéis faoi na conarthaí agus na creat-chomhaontuithe go léir atá i bhfeidhm faoi láthair ag FSS agus ag Oifig Soláthair an Rialtais. Leanfaidh foireann soláthair FSS ag obair le soláthraithe a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39 maidir le cúrsaí soláthair, agus tabharfaidh sí tacaíocht leanúnach dóibh.

**19.53** Maidir le comhlíonadh bheartas pá na hearnála poiblí, tá próiseas leanúnach i bhfeidhm faoina bhfuil rannóg Acmhainní Daonna FSS i dteagmháil dhíreach le gníomhaireachtaí deonacha agus í ag obair trí na saincheisteanna atá i gceist. Tá rannóg Acmhainní Daonna FSS i gcomhairle leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin maidir leis na saincheisteanna sin. Ghlac FSS na céimeanna seo a leanas le déanaí freisin.

- Tar éis roinnt babhtaí comhfhreagrais roimhe seo, d'eisigh FSS litir eile chuig gach soláthraí seirbhíse a thagann faoi réim Alt 38 (ar an 2 Nollaig 2016) inar leagadh amach, i measc eile, an próiseas a bhí le leanúint chun déileáil le haon nithe a bhí le réiteach i soláthraithe seirbhíse a thagann faoi réim Alt 38 maidir le beartas pá na hearnála sláinte.
- I mí Iúil 2017, scríobh Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna FSS chuig gach soláthraí seirbhíse a thagann faoi réim Alt 38 le treoir maidir le gnéithe breise de chomhlíonadh bheartas pá na hearnála poiblí agus chun dearbhuithe a lorg maidir le comhlíonadh an tráth sin ina n-eagraíocht nó, má bhí aon neamh-chomhlíonadh i gceist, an gníomh ceartaitheach a bhí le glacadh.

### *Athbhreithnithe seachtracha ar rialachas*

**19.54** I rith 2016, choimisiúnaigh FSS athbhreithnithe seachtracha ar rialachas ar leibhéal an Bhoird agus ar leibhéal an fheidhmeannais i ngach gníomhaireacht a thagann faoi réim Alt 38. Leis na hathbhreithnithe sin, féachadh le leibhéal agus caighdeán an rialachais a chinneadh agus dearbhú a thabhairt do FSS go gcloíonn na cleachtais agus na nósanna imeachta rialachais le ráiteas comhlíontachta bliantúil gach gníomhaireachta.

**19.55** Amhail mí Lúnasa 2017, tá trí athbhreithniú sheachtracha curtha i gcrích agus tá 28 athbhreithniú seachtrach eile idir lámha. Tá súil ag FSS athbhreithniú a dhéanamh ar gach gníomhaireacht a thagann faoi réim Alt 38 faoi dheireadh na bliana 2017. Tá sé beartaithe athbhreithnithe athfhillteacha a dhéanamh thar thimthriall cúig bliana nuair a bheidh na hathbhreithnithe sin curtha i gcrích in 2017. Chuir FSS in iúl don fhoireann scrúdaithe go bhfuil siad seo a leanas i measc na saincheisteanna a tháinig chun solais as na hathbhreithnithe a cuireadh i gcrích go dtí seo: neamh-chomhlíonadh rialacha agus rialachán soláthair; neamh-chomhlíonadh bheartas pá na hearnála poiblí; agus easpa feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí.

**19.56** Thug FSS ar aird go ndéanfar scrúdú ar na freagraí ón lucht bainistíochta sna tuarascálacha rialachais i gcás gach soláthraí. Déanfar obair leantach i leith na bhfreagraí sin, mar is cuí, le gach soláthraí chun a fháil amach cén dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na bearta atá á ndéanamh acu chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí agus moltaí na dtuarascálacha agus deimhniú a fháil ina leith sin. Áireofar leis sin cruinniú leis an bPríomhfheidhmeannach nó le Cathaoirleach an Bhoird nuair is gá.

**19.57** Thug FSS ar aird freisin go ndíreofar in athbhreithnithe seachtracha amach anseo ar shaincheisteanna a aithníodh sa phróiseas reatha agus freisin ar shaincheisteanna a d'aithin feidhm iniúchóireachta inmheánaí FSS agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus áireofar leis sin scrúdú ar na nithe ábhartha atá sa mheabhrán chuig Cathaoirligh na mBord agus na Príomhfheidhmeannaigh mar a luadh níos luaithe sa tuarascáil.

## Comhaontuithe um chúnamh deontais

**19.58** I gcás thart ar 1,700 gníomhaireacht ar leithdháileadh cistiú ioncaim thart ar €32 milliún orthu in 2016, rinneadh iad a bhainistiú faoi chomhaontú um chúnamh deontais. Éilítear ar ghníomhaireachtaí a bhainistítear faoin gcineál comhaontaithe seo doiciméad rialaithe a bheith acu (rialacha, bunreacht, meabhrán agus airteagail srl.) nach mór fáil a bheith air ar iarraidh. I leath de na 24 cás a ndearnadh scrúdú orthu, bhí doiciméad rialaithe ar taifead.

**19.59** Fuarthas san iniúchadh gur síníodh na comhaontuithe um chúnamh deontais maidir le cistiú 2016 faoi dheireadh mhí Feabhra 2016 i ndáil le 21 (87%) cás de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu, ag a raibh leithdháileadh cistithe iomlán €1.5 milliún. Cuimsíodh leo siúd 86% den chistiú a cuireadh ar fáil faoi na comhaontuithe um chúnamh deontais a ndearnadh scrúdú orthu. Síníodh na trí chás eile mar seo a leanas:

- síníodh comhaontú amháin i mí Aibreáin 2016 — €220,000
- síníodh dhá chomhaontú i mí Lúnasa 2016 — €13,884.

**19.60** Bíonn leithdháiltí cistithe faoi chomhaontuithe um chúnamh deontais bunaithe ar thuairisc ghinearálta ar an tseirbhís (nó na seirbhísí) atá le soláthar. Ní shonraítear na haschuir sa chomhaontú a mhéid is a shonraítear iad i socrú seirbhíse. Ón sampla de chásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu, áiríodh leis na samplaí de chuspóir an deontais:

- soláthar seirbhísí d'fhir agus do mhná os cionn 20 bliain d'aois a bhfuil fadhbanna andúile acu
- clár chun modh maireachtála folláin a chur chun cinn, inar díríodh ar leanaí ó uair a mbreithe.

**19.61** Ní chuimsítear sa mhonatóireacht ar fheidhmíocht príomhtháscairí feidhmíochta a leagan síos ná athbhreithniú a dhéanamh orthu. Ina ionad sin dírítear ar:

- cruinnithe monatóireachta agus/nó cuairteanna ar an láthair de réir mar ba chuí
- athbhreithniú ar ráitis airgeadais na gníomhaireachta agus ar ráiteas an chathaoirligh.

### *Cruinnithe monatóireachta*

**19.62** Níor ceanglaíodh cruinnithe monatóireachta a thionól i ndáil le 14 chás as na 24 cás a ndearnadh scrúdú orthu toisc gur lú an leithdháileadh deontais do gach gníomhaireacht ná €50,000. Bhí fianaise ar taifead i naoi gcinn as na deich gcás eile gur tionóladh na cruinnithe monatóireachta a bhí riachtanach de réir na minicíochta a bhí leagtha síos.

1 Ní éilíonn FSS go ndéanfaí iniúchadh neamhspleách ar na cuntais seo, ach ní mór iad a bheith sínithe agus dátaithe ag cathaoirleach, rúnaí agus cisteoir na heagraíochta agus a bheith ceadaithe ag comhlacht rialaithe na heagraíochta.

### *Ráitis airgeadais bhliantúla iniúchta*

**19.63** Tá an ceanglas maidir le ráitis airgeadais a chur isteach ag brath ar ioncam iomlán na ngníomhaireachtaí. Sonraítear sa chomhaontú um chúnamh deontais an méid seo a leanas:

- má tá ioncam na gníomhaireachta níos mó ná €150,000, ní mór don ghníomhaireacht ráitis airgeadais iniúchta bhliantúla a chur isteach laistigh de dheich mí ó dheireadh a bliana airgeadais
- i gcás ina bhfuil a hioncam níos lú ná €150,000, ní mór don ghníomhaireacht ráitis airgeadais bhliantúla cheadaithe a chur isteach laistigh de shé mhí ó dheireadh bhliana airgeadais na gníomhaireachta.[1]

**19.64** Go praiticiúil, feidhmíonn FSS an ceanglas sin trí thagairt a dhéanamh don leibhéal cistithe ó FSS seachas d'ioncam iomlán na gníomhaireachta.

**19.65** As na 24 cás a ndearnadh scrúdú orthu, fuair ceithre ghníomhaireacht níos mó ná €150,000 an ceann, agus mar sin ceanglaíodh orthu ráitis airgeadais iniúchta a chur isteach. Fuarthas san iniúchadh gur cuireadh ráitis airgeadais iniúchta isteach i gcás gníomhaireacht amháin ag a raibh leithdháileadh cistithe €213,000; maidir leis na trí ghníomhaireacht eile ag a raibh leithdháileadh cistithe iomlán €644,000 eatarthu, bhí dréachtráitis airgeadais neamhiniúchta curtha isteach acu. Fuarthas fianaise san iniúchadh go ndearnadh athbhreithniú ar na cuntais laistigh de FSS i ngach cás.

**19.66** Sa 20 cás eile, bhí sé de cheangal ar na gníomhaireachtaí cuntais bhliantúla neamhiniúchta a chur isteach, agus iad sínithe agus ceadaithe. Mar a léirítear i bhFíor 19.10, fuarthas san iniúchadh nár chloígh ach seacht gcinn de na 20 gníomhaireacht leis sin.

**Fíor 19.10 Fianaise ar chuntais bhliantúla cheadaithe neamhiniúchta ar taifead**

| Cineál na gcuntas bliantúil ar taifead | Líon na gcásanna: Ar taifead | Líon na gcásanna: Athbhreithnithe ag FSS | Leithdháileadh deontais (comhiomlánaithe) € |
|---|---|---|---|
| Cuntais bhliantúla cheadaithe | 7 | 6 | 399,200 |
| Cuireadh isteach cuntais bhliantúla gan iad a bheith ceadaithe | 4 | 2 | 289,926 |
| Níor cuireadh cuntais bhliantúla isteach | 9 | — | 192,805 |
| | **20** | **8** | **881,931** |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**19.67** Sna seacht gcás inar soláthraíodh na cuntais cheadaithe a bhí de dhíth, fuarthas fianaise ar shé cinn acu san iniúchadh. In dhá chás as na ceithre chás inar soláthraíodh dréachtchuntais neamhcheadaithe, bhí athbhreithniú déanta ag FSS orthu.

### *Ráiteas bliantúil an Chathaoirligh*

**19.68** I gcás gníomhaireachtaí sláinte arna gcistiú faoi chomhaontú um chúnamh deontais, ní mór dóibh ráiteas bliantúil ón gcathaoirleach a chur isteach. Dearbhú scríofa sínithe é sin ina ndeimhnítear gur cáitheadh an deontas chun na gcríoch a bhí beartaithe. Sonraítear an méid seo a leanas ann freisin:

- i gcás ina bhfuil an ghníomhaireacht ag fáil airgid ón Státchiste trí mheán comhlachtaí Stáit eile, ní mór go n-áireofaí sa ráiteas tuairisc ar mhéid, foinse agus cuspóir gach cistithe den sórt sin, agus dearbhú nach bhfuil cistiú dúbailte i gceist don ghníomhaíocht chéanna

- sa chás ina bhfuil an t-airgead iomlán ón Státchiste níos mó ná 50% den chistiú iomlán don ghníomhaireacht, ní mór an méid sin a dhearbhú sa ráiteas freisin.

**19.69** Fuarthas sa scrúdú nach raibh ráitis bhliantúla shínithe ó na cathaoirligh ar taifead ach amháin i gcás aon trian de na gníomhaireachtaí a ndearnadh athbhreithniú orthu.

## Iniúchadh Inmheánach FSS

**19.70** Déanann rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí FSS clár bliantúil iniúchtaí ar ghníomhaireachtaí arna gcistiú go seachtrach. Roghnaítear na gníomhaireachtaí sin i gcomhair iniúchóireachta, den chuid is mó, ar bhonn plé le baill foirne FSS a bhfuil freagracht orthu as maoirseacht agus monatóireacht. In 2016, chuir an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí tús freisin le clár iniúchtaí randamacha ar ghníomhaireachtaí a fhaigheann cistiú faoi bhun €1 mhilliún. Taispeántar i bhFíor 19.11 achoimre ar na cineálacha saincheisteanna a aithníodh in iniúchtaí inmheánacha FSS óna dtuarascálacha a foilsíodh in 2016.

**Fíor 19.11 Achoimre ar Thorthaí Iniúchtaí Inmheánacha FSS, 2016**

| Réimse | Achoimre ar shaincheisteanna |
|---|---|
| **Córas rialaithe inmheánaigh** | ▪ Líon ard cuntas bainc.<br>▪ Taifid chuntasaíochta neamhiomlána.<br>▪ Easpa nósanna imeachta airgeadais agus rialuithe amhail<br>• easpa leithdheighilt dualgas<br>• idirbhearta nach bhfuil údaraithe ag leibhéil chuí<br>• nach bhfuil réitigh chuntasaíochta á ndéanamh<br>• laigí maidir le rialú ceannacháin. |
| **Cuibheas** | ▪ Caiteachas ar bhronntanais agus ar shiamsaíocht.<br>▪ Drochriarú ar an gcaiteachas ar chártaí creidmheasa. |
| **Rialachas** | ▪ Gan rothlú a bheith á dhéanamh ar na comhaltaí boird.<br>▪ Easpa beartas agus nósanna imeachta maidir le coinbhleachtaí leasa comhaltaí boird agus nochtadh rúnda.<br>▪ Nach bhfuil na comhaltaí boird ag líonadh isteach na dtuairisceán maidir le caighdeáin in oifig phoiblí. |
| **Luach saothair** | ▪ Íocaíochtaí tuarastail de bhreis ar na scálaí pá atá ceadaithe.<br>▪ Baill shinsearacha den fhoireann ag fáil liúntas agus íocaíochtaí slánsuime.<br>▪ Baill foirne ag fáil íocaíochtaí bónais. |
| **Soláthar** | ▪ Conarthaí á mbronnadh gan próiseas soláthair iomaíoch a bheith i bhfeidhm.<br>▪ Easpa beartas agus nósanna imeachta maidir le soláthar.<br>▪ Nach gcoinnítear fianaise dhoiciméadach maidir le dámhachtain conarthaí. |

Foinse: An fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Maoirseacht na Roinne Sláinte ar FSS

**19.71** In 2016, fuarthas an cistiú dar luach thart ar €3.9 billiún ó FSS do ghníomhaireachtaí sláinte a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39 ó vóta na Roinne Sláinte mar seo a leanas:

- €2.4 billiún ó fhotheideal I.5 maidir le cistiú d'ospidéil ghéarmhíochaine a thagann faoi réim Alt 38
- €1.5 billiún ó fhotheideal I.1 go fotheideal I.4 maidir le cistiú do ghrúpaí deonacha agus grúpaí pobail a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39.

**19.72** Faoi Alt 31 den Acht Sláinte 2004, ceanglaítear ar FSS plean seirbhíse bliantúil a chur faoi bhráid an Aire Sláinte, ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí agus na príomhspriocanna, lena n-áirítear i measc eile tomhais aschur agus aon tionscnaimh nua a bheidh le soláthar le linn na tréimhse. Ina theannta sin, leagtar amach sa phlean seirbhíse an leithdháileadh cistithe de réir an réimse gníomhaíochta. Ceanglaítear in Alt 33 den Acht Sláinte 2004 freisin ar FSS a chinntiú go bhfuil seirbhísí á soláthar de réir an phlean seirbhíse. Maidir leis sin, ní mór do FSS tuarascálacha feidhmíochta ráithiúla a chur faoi bhráid an Aire Sláinte ina ndéantar comparáid idir an fheidhmíocht iarbhír agus na spriocleibhéil atá leagtha amach sa phlean seirbhíse.

**19.73** *Sa Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, ceanglaítear ar Chathaoirleach Comhlachta Stáit tuarascáil bhliantúil chuimsitheach maidir le comhlíonadh a chur faoi bhráid an Aire cuí. Cuimsítear sa tuarascáil sin alt ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus nochtar sonraí inti faoi aon sáruithe rialaithe a tharla sa bhliain airgeadais roimhe sin.

**19.74** Ar an 1 Meitheamh 2017, chuir an tArd-Stiúrthóir an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Sláinte i ndáil leis an mbliain airgeadais 2016. Rinneadh cur síos sa tuarascáil ar sháruithe suntasacha maidir le rialú inmheánach i leith rialachas deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha. Bhí na sáruithe sin maidir le rialú nochta freisin sa ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais a áirítear mar chuid de ráitis airgeadais FSS. Áiríodh leis na sáruithe:

- moill maidir le socruithe seirbhíse a shíniú
- easpa fianaise dhoiciméadach ar chruinnithe monatóireachta, easpa athbhreithnithe ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus easpa tuairisceáin foirne na ngníomhaireachtaí cistithe
- nár cuireadh isteach ráitis airgeadais iniúchta nuair a bhí an ceangal ann é sin a dhéanamh, agus nach raibh fianaise ann ina lán cásanna go ndearnadh athbhreithniú ar ráitis airgeadais a cuireadh isteach
- nach raibh gníomhaireachtaí cistithe ag cloí le treoirlínte soláthair phoiblí ná le beartais phá na hearnála poiblí.

## Tuairimí ó Ard-Stiúrthóir Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**19.75** Ba cheart breathnú ar bhainistiú agus maoirseacht na ndeontas do ghníomhaireachtaí sláinte i gcomhthéacs na fírice go bhfuil FSS tar éis a theacht chun cinn thar thréimhse trí bliana ón bpointe nach raibh socruithe seirbhíse á síniú go tráthúil, agus gurbh éigean díriú isteach arís ar chur i bhfeidhm an chreata rialachais, go dtí an pointe ag a bhfuilimid anois ina bhfuil próiseas cuimsitheach rialachais agus maoirseachta i bhfeidhm againn.

**19.76** Tá socruithe seirbhíse nua i bhfeidhm anois agus táthar á gcur i gcrích go tráthúil. Tugadh isteach ráitis chomhlíontachta bhliantúla do gach soláthraí a thagann faoi réim Alt 38 agus do na soláthraithe a thagann faoi réim Alt 39 agus a fhaigheann cistiú níos mó ná €3 mhilliún, lena gcuimsítear 93% den chistiú.

**19.77** Chun an próiseas maoirseachta airgeadais a chomhlánú agus a fheabhsú, tugadh isteach tuairisceán bliantúil ar mhonatóireacht airgeadais do gach soláthraí a fhaigheann cistiú níos mó ná €250,000 i ndáil le tréimhsí cuntasaíochta dar chríoch an 31 Nollaig 2016 nó ina dhiaidh sin.

**19.78** Tá bailchríoch beagnach curtha ar na hathbhreithnithe seachtracha ar na soláthraithe a thagann faoi réim Alt 38 agus tá clár leanúnach athbhreithnithe cúig bliana á thabhairt isteach i leith an 50 soláthraí a fhaigheann an cistiú is mó, nó 85% de.

**19.79** Ina theannta sin, d'eisigh FSS meabhrán i mí an Mheithimh 2017 chuig gach grúpa ospidéil, ECSPanna, cathaoirligh bhoird agus Príomhfheidhmeannaigh na soláthraithe a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39, ina bhfuil cur síos ar ábhair imní a d'ardaigh feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí FSS agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste arís agus arís, á threorú go bhféachfaidís chuige go ndíreofar go práinneach ar na saincheisteanna sin. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis chomhlíontachta a cuireadh isteach le haghaidh 2016, tá sé ar intinn ag FSS scríobh chuig na Cathaoirligh ábhartha ag lorg dearbhuithe go bhfuiltear ag dul i ngleic leis na réimsí neamh-chomhlíontachta.

**19.80** Tá an córas um rialachas na soláthraithe seirbhíse, a tugadh isteach in 2014, fós á fhorbairt agus á fheabhsú agus cuireadh clár oiliúna cuimsitheach ar bun atá dírithe ar bhaill foirne oibriúcháin sna ECSPanna agus a chlúdaíonn baill foirne ó eagraíochtaí na soláthraithe freisin.

**19.81** I mí Eanáir 2017, d'eisigh FSS do na ECSPanna leagan nuashonraithe de na treoirlínte monatóireachta feidhmíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na soláthraithe a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39. Soláthraítear iontu treoir nuashonraithe maidir leis an athbhreithniú bliantúil ar na socruithe seirbhíse agus ar chomhaontuithe um chúnamh deontais agus maidir le minicíocht agus leagan amach na gcruinnithe feidhmíochta. Leis an obair atá ar bun faoi láthair maidir le feabhsúchán seirbhíse, éascófar do chóras caighdeánaithe measúnachta agus monatóireachta feidhmíochta a fhorbairt i gcomhair seirbhísí míchumais.

**19.82** Ba chóir a thabhairt ar aird freisin gur tugadh isteach na feabhsuithe suntasacha sin maidir le rialachas le linn tréimhse ina bhfuil FSS ag déanamh atheagrú ar a córas soláthair trí ghrúpaí ospidéil agus ECSPanna a bhunú. Ba chóir a mheabhrú gurb amhlaidh, mar gheall ar thionchar an mhoratóra ar earcaíocht a bhí i bhfeidhm roimhe seo, go dtógann sé tamall na struchtúir nua sin a leabú.

**19.83** Nuair a bheidh a gcuid acmhainní iomlána acu, meastar go mbeidh FSS in ann feabhas breise a chur ar sholáthar na seirbhísí sin, agus maoirseacht bhreise a dhéanamh orthu, ar bhealach a thabharfaidh dearbhú leanúnach maidir leis na méideanna suntasacha atá i gceist ón Státchiste. Is sampla maith é bunú aonaid tacaíochta um bainistíocht conarthaí i ngach ECSP den chaoi a bhfuil an próiseas agus na struchtúir ag teacht chun cinn agus a leanfar á bhforbairt ar an leibhéal oibríochtúil.

### *Tuairisceán bliantúil ar mhonatóireacht airgeadais*

**19.84** D'fhonn an fhaisnéis airgeadais a fhaightear ó na heagraíochtaí éagsúla a chaighdeánú, thug FSS isteach an tuairisceán bliantúil ar mhonatóireacht airgeadais i leith tréimhsí cuntasaíochta dar chríoch an 31 Nollaig 2016 nó ina dhiaidh sin. Ní mór an tuairisceán a chomhlánú i ndáil le gach gníomhaireacht atá á bainistiú faoi shocrú seirbhíse agus a fhaigheann cistiú níos mó ná €250,000.

**19.85** Ní mór an tuairisceán a chur faoi bhráid FSS in éineacht le ráitis airgeadais iniúchta bhliantúla na gníomhaireachta, agus ní mór don phríomhoifigeach airgeadais agus don phríomhoifigeach feidhmiúcháin nó a gcoibhéisí é a shíniú. Molann FSS go gcuirfí na tuairisceáin isteach laistigh de chúig mhí ó dheireadh na bliana.

**19.86** Is próiseas lárnach dearbhaithe i gcreat rialachais FSS é fáil agus athbhreithniú ráitis airgeadais iniúchta na ngníomhaireachtaí a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39 mar go dtugann siad dearbhú don FSS maidir le húsáid an chistithe a cuireadh ar fáil faoin socrú seirbhíse. Féachtar sa tuairisceán bliantúil ar mhonatóireacht airgeadais le dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhíonn ag na baill foirne agus iad páirteach sa phróiseas athbhreithnithe, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Sular tugadh isteach an tuairisceán bliantúil ar mhonatóireacht airgeadais, bhí deacracht ag baill foirne a bhíonn ag plé le cúrsaí airgeadais maidir le faisnéis airgeadais thábhachtach a bhaint as ráitis airgeadais bhliantúla gníomhaireachta mar gheall go raibh an fhaisnéis á cur i láthair i bhformáidí éagsúla. Sa tuairisceán bliantúil ar mhonatóireacht airgeadais, déantar caighdeánú ar chur i láthair na faisnéise airgeadais sa chaoi is gur féidir leis na baill foirne a bhíonn ag plé le cúrsaí airgeadais faisnéis thábhachtach airgeadais a scrúdú go héasca.
- Cé go gceanglaítear ar ghníomhaireachtaí faoi na conarthaí go gcomhlíonfaidh siad Ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Management and Accountability for Grants from Exchequer Funds,* thug FSS leibhéal íseal géilliúlachta faoi deara. Féachfar leis an tuairisceán bliantúil ar mhonatóireacht airgeadais lena chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais.
- Leagtar amach sa tuairisceán an cistiú arna sholáthar ag FSS faoin socrú seirbhíse, faisnéis nach raibh fáil uirthi ina lán cásanna i ráitis airgeadais bhliantúla na gníomhaireachta. Soláthraítear ann miondealú de réir ECSP ar ioncam agus ar chaiteachas, ionas gur féidir na suimeanna sin a réiteach le taifid FSS.
- Tugtar anailís sa tuairisceán ar an gcaiteachas a rinne an ghníomhaireacht ar bhonn an chistithe ó FSS, faisnéis nach raibh fáil uirthi roimhe seo.
- Áirítear sa tuairisceán roinnt ráiteas dearbhaithe maidir le rialuithe airgeadais agus rialuithe rialachais chorparáidigh.

**19.87** I gcás gach ECSP agus grúpa ospidéil atá freagrach as socruithe seirbhíse, beidh siad freagrach as an tuairisceán bliantúil ar mhonatóireacht airgeadais a fháil agus athbhreithniú a dhéanamh air. Tosóidh an t-athbhreithniú ar thuairisceáin na bliana 2016 agus muid ag teannadh le deireadh 2017. Toisc gurb í seo an chéad bhliain inar tugadh isteach an tuairisceán bliantúil ar mhonatóireacht airgeadais, déanfaidh aonad comhlíontachta FSS athbhreithniú ar shampla de na tuairisceáin, rud a chuirfidh bonn eolais faoin athbhreithniú ar an bpróiseas atá beartaithe tar éis dó a bheith i bhfeidhm ar feadh bliana.

**19.88** Trí aonaid tacaíochta um bainistíocht conarthaí a bhunú i ngach ECSP freisin, fágfar go mbeidh cur chuige níos struchtúrtha á ghlacadh maidir leis an bpróiseas anailíse agus an próiseas athbhreithnithe.

## Tuairimí ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte

**19.89** Tá an creat dlí faoina soláthraíonn FSS cistiú deontais do ghníomhaireachtaí leagtha amach san Acht Sláinte 2004. I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil socruithe láidir rialachais, cuntasachta agus rialaithe i bhfeidhm in FSS lena chinntiú go bhfuil an t-airgead sin á chaitheamh go cuí agus de réir na nósanna imeachta cuí.

**19.90** I mo litir chinnidh chuig FSS, inar chuir mé in iúl dó uasmhéid an chaiteachais neamhchaipitil a d'fhéadfaí a thabhú, leagadh béim ar na hoibleagáidí atá ar FSS faoi Chiorclán 13/2013 *Public Spending Code,* faoi Chiorclán 13/2014 *Management and Accountability for Grants from Exchequer Funds*, agus faoin gCód Cleachtais Chun Comhlachta Stáit a Rialú (2016). Baineann tábhacht ar leith leis na ceanglais sin i gcás FSS toisc gur eagraíocht é a bhfuil an-chuid den chaiteachas poiblí faoina chúram. Ní mór do FSS aghaidh a thabhairt freisin ar an ngá atá ann cloí le gach oibleagáid faoi na beartais sin sa phlean seirbhíse náisiúnta.

**19.91** Tá creat rialachais i bhfeidhm ag FSS ina gcuimsítear doiciméid chaighdeánaithe náisiúnta agus doiciméid treorach lena gcuirtear ar a chumas do FSS tacaíocht chonartha a sholáthar don chistiú deontais a thugtar do na soláthraithe seirbhíse neamhreachtúla go léir. Leis an gcreat sin, féachtar lena chinntiú go bhfuil prionsabail dea-rialachais atá stuama agus éifeachtach á gcur i bhfeidhm ar shlí chaighdeánach, chomhsheasmhach, d'fhonn féachaint chuige go gcomhlíonfaidh FSS agus na soláthraithe araon a gcuid dualgas faoi seach. Déantar é a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar is gá.

**19.92** Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh FSS ar aghaidh ag tógáil ar na próisis bhainistíochta atá bunaithe sna doiciméid náisiúnta rialachais chaighdeánaigh agus sna nósanna imeachta oibríochta agus go gcomhlíonfaidh sé ina n-iomláine na ceanglais iniúchóireachta agus cuntasaíochta maidir le heisíocaíocht na ndeontas sin.

**19.93** Ar aon dul le gníomhaireachtaí eile atá faoi choimirce na Roinne, chuir FSS tuarascáil faoina bráid i leith na bliana 2016 maidir le comhlíonadh fhorálacha *an Chóid Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*. Aithníodh sa tuarascáil go raibh easnaimh i gceist maidir le rialachas FSS ar dheontais a dámhadh ar ghníomhaireachtaí seachtracha. Leagadh amach inti freisin mionsonraí faoin gcaoi a maolófar na sáruithe rialachais.

**19.94** Leagtar béim air sa tuarascáil go mbaintear leas as na torthaí agus na moltaí a thiocfaidh as athbhreithnithe rialachais, iniúchtaí srl. chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú bliantúil FSS ar a chreat rialachais. Tá FSS ag maoirsiú athbhreithniú seachtrach ar ghníomhaireachtaí a thagann faoi réim Alt 38 ar chóir é a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2017. Leanfaidh an Roinn ag fáil nuashonruithe ar an athbhreithniú sin agus coinneoidh sí leis an monatóireacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dtaobh bhearta FSS maidir le deireadh a chur le sáruithe comhlíontachta agus maidir le feabhas a chur ar an maoirseacht a dhéanann sé ar na comhlachtaí atá á chistiú aige.

**19.95** Cuirfidh FSS plean seirbhíse náisiúnta faoi bhráid na Roinne ar bhonn bliantúil. Déanann an Roinn monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht FSS maidir le soláthar an phlean sin. De bhreis ar na socruithe maidir le comhaontú bliantúil faoin bplean seirbhíse náisiúnta, ní mór do FSS plean corparáideach a thíolacadh lena gclúdófar tréimhse trí bliana. Clúdaíonn an plean corparáideach is déanaí an tréimhse 2015-2017. Tá pleananna san áireamh ann chun réimsí rialachais chorparáidigh a neartú.

**19.96** Tuairiscíonn FSS ar a phlean corparáideach sa tuarascáil bhliantúil dá chuid, a chuirtear faoi bhráid an Aire agus faoi bhráid gach ceann de Thithe an Oireachtais. Ina theannta sin, áirítear sa tuarascáil bhliantúil tagairt do na socruithe atá i bhfeidhm maidir le cód rialachais FSS a chothabháil agus cloí leis.

**19.97** Táim ag tnúth le neartú ar na socruithe rialachais agus cuntasachta idir FSS agus a sholáthraithe seirbhíse, ag cur san áireamh go háirithe torthaí an athbhreithnithe sheachtraigh a rinneadh ar ráitis airgeadais, torthaí a iniúchta inmheánaigh agus torthaí an scrúdaithe seo, ionas go mbeidh sé féin agus a sholáthraithe seirbhíse ag cloí, de réir mar is cuí, leis na ceanglais atá leagtha síos sa *Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*.

## Conclúidí agus moltaí

**19.98** Soláthraíonn an Roinn Sláinte cistiú do FSS maidir le deontais do ghníomhaireachtaí a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39. In 2016, bhain thart ar 28% nó €3.78 billiún de leithdháileadh iomlán ioncaim FSS ón Státchiste trí mheán na Roinne Sláinte le cistiú a cuireadh ar fáil do níos mó ná 2,270 gníomhaireacht sláinte chun réimse seirbhísí sláinte agus seirbhísí cúraim shóisialta a chur ar fáil thar ceann FSS. Áirítear leis sin cistiú €1.99 billiún do shé cinn déag d'ospidéil ghéarmhíochaine agus cistiú €1.79 billiún do ghrúpaí deonacha agus grúpaí pobail. Mar gheall ar an leibhéal caiteachais agus ar líon na ngníomhaireachtaí arna gcistiú, is tábhachtach an rud é socruithe leordhóthanacha maoirseachta agus monatóireachta a bheith i bhfeidhm ag FSS.

**19.99** Eascraíonn an caidreamh idir FSS agus na gníomhaireachtaí sin ó phátrún stairiúil soláthair faoina ndéantar idirbheartú, den chuid is mó, i dtaobh seirbhísí agus íocaíochtaí seachas iad a bheith á ndéanamh ar bhonn soláthar iomaíoch, agus tháinig athrú ar na socruithe sin de réir a chéile le himeacht ama.

**19.100** Go dtí 2015, bhí an cur chuige maidir le soláthraithe seirbhíse a chistiú bunaithe ar phátrúin chostais stairiúla an tsoláthraí. Thug FSS faoi roinnt tionscnamh chun aistriú chuig samhail chistithe atá bunaithe ar phraghsanna tagarmharcála agus ar leibhéil ghníomhaíochta réamh-mheasta.

- Tá cistiú ar bhonn gníomhaíochta tugtha isteach san earnáil géarmhíochaine aige i ndáil le thart ar 70% den chistiú iomlán €1.99 billiún don earnáil sin. Cé go bhfuil socruithe idirthréimhseacha i bhfeidhm faoina bhfaighidh ospidéil cistiú breise ionas go bhféadfaidh siad aistriú chuig na buiséid athbhreithnithe, tá sé beartaithe ag FSS fáil réidh leis na socruithe idirthréimhseacha sin thar roinnt blianta. Ina dhiaidh sin beidh an cistiú don earnáil géarmhíochaine bunaithe ar líon agus ar chineál na n-othar a chóireáiltear, agus air sin amháin.
- Aithníonn FSS gur deacra an rud é costas aonaid in aghaidh an aschuir a ríomh i réimse an chúraim shóisialta. Le déanaí, chuir FSS i gcrích anailís ar na cúig ghníomhaireacht is mór a fhaigheann cistiú san earnáil míchumais. De bharr na hanailíse sin, aithníodh 12 tháscaire feidhmíochta atá le húsáid chun feidhmíocht soláthraithe seirbhíse a chur i gcomparáid lena chéile. Tá sé beartaithe ag FSS an tsamhail measúnaithe feidhmíochta sin a leathnú chuig gach soláthraí ionas gur fusa comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht soláthraithe seirbhíse malartacha trí bhíthin táscairí sonraithe lena n-áirítear costas aonaid na seirbhíse atá á soláthar. Dúirt FSS go dtacóidh an anailís sin le praghsáil níos éifeachtaí agus níos cothroime, le leithdháileadh acmhainní agus le samhlacha coimisiúnaithe a fhorbairt.

**19.101** Fuarthas amach sa scrúdú nach raibh mionsonraí maidir leis na socruithe rialachais in eintitis aonair ar fáil i gcónaí sa ECSP a bhí ag soláthar an chistithe. Thug an FSS ar aird gurb amhlaidh, cé go soláthraítear faisnéis rialachais i ndáil le deontaithe a fhaigheann cistiú den chéad uair, ina gcás siúd a bhfuil deontas á fháil acu cheana féin

- go ndeimhníonn na soláthraithe, agus a gcuid socruithe seirbhíse á síniú acu, go bhfuil struchtúir agus socruithe rialachais cuí i bhfeidhm acu
- go ndeimhnítear cúrsaí rialachais airgeadais i ráiteas an Chathaoirligh sna comhaontuithe um chúnamh deontais, lena n-áirítear deimhniú maidir le húsáid an chistithe chun na críche a aontaíodh.

**19.102** Léirítear i dtorthaí na ráiteas comhlíontachta bliantúil, sna hathbhreithnithe seachtracha ar rialachas, sna cigireachtaí atá déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus san obair atá déanta ag feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí FSS go dtagann roinnt saincheisteanna rialachais i gceist ar fud na hearnála, go háirithe nach gcomhlíontar rialacha agus rialacháin soláthair, nach gcomhlíontar beartais phá na hearnála poiblí agus go bhfuil easpa feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí ann.

**Moladh 19.1**

Ba cheart do FSS a dhéanamh deimhin de go bhfuil struchtúir agus nósanna imeachta rialachais cuí i bhfeidhm ag na soláthraithe seirbhíse a fhaigheann cistiú. Ba cheart go n-áireofaí i nósanna imeachta monatóireachta FSS measúnú ar éifeachtacht na struchtúr agus na nósanna imeachta sin.

**Freagra ó Ard-Stiúrthóir FSS**

Aontaím leis seo. Roimh dó cistiú a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse, tá roinnt nósanna imeachta i bhfeidhm ag FSS.

I gcás deontaithe nua, déantar foráil i gcreat rialachais FSS maidir le próiseas iarratais agus idirbheartaíochta ina n-áirítear mionsonraí ar struchtúr na heagraíochta agus sonraí i leith na socruithe san fhoirm iarratais, foirm fhorlíontach i gcomhair faisnéis tacaíochta agus ceistneoir féinmheastóireachta ar chúrsaí rialachais.

Ina gcás siúd a bhfuil deontas á fháil acu cheana, deimhníonn na soláthraithe, agus a gcuid socruithe seirbhíse á síniú acu, go bhfuil struchtúir agus socruithe rialachais cuí i bhfeidhm acu. Soláthraithe atá faoi cheangal conartha cheana féin atá i gceist ansin.

Dearbhaítear i ráiteas an Chathaoirligh i gcomhaontuithe um chúnamh deontais cúrsaí rialachais airgeadais lena n-áirítear deimhniú maidir le húsáid an chistithe chun na críche a aontaíodh.

Thug FSS faoi roinnt tionscnamh d'fhonn dearbhú a fháil maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta rialachais sna gníomhaireachtaí dá soláthraíonn sé cistiú.

- Faoin bpróiseas um ráiteas comhlíontachta bliantúil a tugadh isteach in 2014 do sholáthraithe a thagann faoi réim Alt 38 agus a leathnaíodh in 2016 chuig gníomhaireachtaí níos mó a thagann faoi réim Alt 39, déantar foráil le haghaidh féindheimhniú bliantúil ag soláthraithe seirbhíse maidir le cúrsaí sainiúla rialachais a bheith á gcomhlíonadh acu.
- Tá sé beartaithe, i gcás na n-athbhreithnithe seachtracha maidir le rialachas atá á ndéanamh faoi láthair ar sholáthraithe a thagann faoi réim Alt 38, go mbeidh siad ina gcuid de chlár leanúnach athbhreithnithe thar thimthriall 5 bliana.

- Sa tuairisceán bliantúil ar mhonatóireacht airgeadais a tugadh isteach maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar chríoch an 31 Nollaig 2016, soláthraítear dearbhuithe maidir le gnéithe tábhachtacha den rialachas airgeadais.

Ghlac FSS roinnt beart, nó tá sé beartaithe aige iad a ghlacadh, chun dul i ngleic le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

- Tá sé beartaithe go mbunófar Aonad Tacaíochta um Bainistíocht Conarthaí i ngach ceann de na naoi nEagraíocht Cúraim Sláinte Pobail chun cuidiú le bainisteoirí seirbhíse bainistiú agus doiciméadú a dhéanamh ar gach gné den chaidreamh le soláthraithe a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39 de réir an chreata rialachais.
- Leanfaidh FSS ag aghaidh ag déanamh athbhreithniú formáide ar sceidil i ndáil le socruithe seirbhíse, ar ráitis chomhlíontachta bhliantúla, ar thuarascálacha bliantúla ar mhonatóireacht airgeadais agus ar ráitis ó Chathaoirligh agus déanfaidh sé na doiciméid sin a leasú nó a nuashonrú, de réir mar is cuí, ionas go n-áireofar iontu aon rud a fhoghlaimeofar ó na hathbhreithnithe seachtracha ar chúrsaí rialachais.

**19.103** Fuarthas san iniúchadh go raibh sé deacair na freagrachtaí a bhaineann le monatóireacht agus maoirseacht in FSS a aithint sa chás ina raibh gníomhaireachtaí ag fáil cistiú i leith níos mó ná cineál seirbhíse amháin agus/nó ó níos mó ná áit amháin in FSS. Cé gur sonraíodh na haschuir go leordhóthanach sna cásanna go léir a ndearnadh scrúdú orthu, bhí monatóireacht le déanamh ar líon mór míreanna faoi na socruithe agus níor sonraíodh i gcónaí cé a bhí freagrach as an fhaisnéis ábhartha a sholáthar ná cén rannóg de chuid FSS a bhí freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin.

### Moladh 19.2

Ba cheart do FSS athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach an tsocraithe seirbhíse bhliantúil chun aird a dhíriú ar na príomhtháscairí feidhmíochta agus ar na socruithe monatóireachta a ghabhann leo, agus sonrú soiléir a dhéanamh ar na freagrachtaí at ar an ngníomhaireacht agus ar FSS ina leith sin.

#### Freagra ó Ard-Stiúrthóir FSS

Aontaím leis seo. Déantar athbhreithniú bliantúil ar na socruithe seirbhíse faoi chuid 2. Glactar san áireamh san athbhreithniú sin na moltaí go léir ó iniúchtaí agus athbhreithnithe agus nuashonruithe eile maidir le hathruithe ar an reachtaíocht, ar na rialacháin agus ar chaighdeáin cháilíochta. Tá nuashonruithe ann freisin ar mholtaí a eascraíonn ó ghrúpaí athbhreithnithe i ngach rannóg agus an taithí oibríochtúil á cur san áireamh.

Le haghaidh 2018, tá nuashonrú á dhéanamh ar na socruithe seirbhíse faoi chuid 2 chun an t-ábhar seo a chur san áireamh mar seo a leanas:

- scrúdófar na socruithe monatóireachta go léir chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá de dhíth cothrom le dáta agus go bhfuil sí ábhartha
- léireofar go soiléir sna socruithe cén áit in FSS is ceart na tuairisceáin a chur.

Cuirfear faisnéis bhreise ar fáil do ECSPanna agus do ghrúpaí ospidéil ina leagfar amach an mhinicíocht a bhfuiltear ag súil léi maidir leis na ceanglais tuairiscithe. Beidh bunú na n-aonad tacaíochta um bainistíocht conarthaí sna ECSPanna ina chúnamh do bhainisteoirí agus iad ag bainistiú agus ag doiciméadú gach gné den chaidreamh le soláthraithe a thagann faoi réim Alt 38 agus Alt 39.

**19.104** Leagtar síos sa chomhaontú seirbhíse bliantúil an cistiú atá le soláthar agus na príomhtháscairí feidhmíochta, agus minicíocht an tuairiscithe agus na gcruinnithe. Cé go soláthraíonn FSS treoir maidir le leibhéil agus minicíocht chuí na dtuairiscí ó ghníomhaireachtaí sláinte, tugadh ar aird san iniúchadh go raibh éagsúlachtaí sna ECSPanna agus eatarthu i ndáil le minicíocht an tuairiscithe agus líon na míreanna atá le tuairisciú i measc gníomhaireachtaí a fhaigheann cistiú thart ar an leibhéal céanna.

**19.105** Is tábhachtach an rud é go leagfadh FSS síos príomhtháscairí feidhmíochta cuí do ghníomhaireachtaí cistithe agus go ndéanfaidh sé monatóireacht orthu d'fhonn féachaint chuige go mbainfear úsáid éifeachtach, éifeachtúil as an gcistiú arna sholáthar. Fuarthas sa scrúdú gurbh amhlaidh, i gcás breis is leath de na 29 cás a ndearnadh scrúdú orthu, go raibh tuairisceáin ar taifead i dtaobh na bpríomhtháscairí feidhmíochta agus go raibh beagnach trí cheathrú díobh sin de réir na minicíochta a bhí sonraithe sa socrú seirbhíse.

**19.106** Má fhaigheann FSS ráitis airgeadais iniúchta ó sholáthraí seirbhíse agus má dhéanann sé athbhreithniú orthu, d'fhéadfadh sé sin dearbhú a thabhairt gur caitheadh an cistiú a leithdháileadh don ghníomhaireacht chun na gcríoch a bhí beartaithe. Fuarthas san iniúchadh gurb amhlaidh, i gcás díreach faoi bhun an ceathrú cuid de na socruithe seirbhíse agus na comhaontuithe um chúnamh deontais a scrúdaíodh, nár soláthraíodh don ECSP cistiúcháin na ráitis airgeadais iniúchta a bhí de dhíth.

**19.107** Ina theannta sin, tugadh ar aird san iniúchadh go raibh éagsúlacht ann idir ECSPanna maidir leis an athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla. I gcás eagraíocht amháin as measc na ECSPanna ar tugadh cuairt orthu, bhí breithniú déanta aici ar a mhéid a bhain an soláthraí seirbhíse leas as an deontas mar chuid dá hathbhreithniú ar ráitis airgeadais bhliantúla an tsoláthraí; ní raibh sé sin déanta ag an ECSP eile.

**Moladh 19.3**

Ba cheart don FSS a chinntiú go bhfuil na socruithe monatóireachta a shonraítear sna socruithe seirbhíse bliantúla á gcomhlíonadh. Tá gá freisin le soiléiriú a dhéanamh ar róil agus ar fhreagrachtaí sa chás ina bhfuil cistiú á fháil ag gníomhaireacht ó níos mó ná ECSP amháin.

**Freagra ó Ard-Stiúrthóir FSS**

Aontaím leis seo. Tá próiseas seanbhunaithe i bhfeidhm faoina gcuireann soláthraithe seirbhíse isteach sonraí i leith na bpríomhtháscairí feidhmíochta de réir minicíochtaí comhaontaithe. Chomh maith leis an bpróiseas sin, comhaontaíonn na bainisteoirí seirbhíse a riarann an gaol conarthach le soláthraithe seirbhísí an minicíocht ag a gcuirfear isteach na doiciméid riachtanacha i gcomhréir leis an socrú seirbhíse agus féadfaidh siad sonraí ábhartha eile a iarraidh ó sholáthraithe, de réir mar is gá.

Tá feidhm iniúchóireachta/athbhreithnithe bunaithe ag Aonad Comhlíontachta FSS in 2017, a chuirfidh dearbhú breise ar fáil go bhfuil an caidreamh le soláthraithe a thagann faoi réim Alt 39 á bhainistiú i gceart. Leis na hathbhreithnithe leanúnacha sin, tacófar leis an bpróiseas rialachais agus maoirseachta atá i bhfeidhm faoi láthair agus cuirfear feabhas mór air.